

10-19 DEIREADH FÓMHAIR / OCTOBER 2013

IMRAM

FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE

IRISH-LANGUAGE LITERATURE FESTIVAL

RÉ-DHAMHSA

TIONSCADAL VAN MORRISON

MOONDANCE: THE VAN MORRISON PROJECT



CLÁR IMRAM 2013

Déardaoin 10 Deireadh Fómhair | 8.00pm | Pavilion Theatre
TÚR NA nAMHRÁN: TIONSCADAL COHEN

Dé hAoine 11 Deireadh Fómhair | 8.00pm | Pavilion Theatre
RÉ-DHAMHSA: TIONSCADAL VAN MORRISON

Dé Sathairn 12 Deireadh Fómhair | 8.00pm | Toner's Pub (Upstairs)
LEABHAR MÓR NA nAMHRÁN: CEILIÚRADH IS MÓR-ÓICHE AMHRÁNAÍOCHTA

Dé Luain 14 Deireadh Fómhair | 6.00pm | DIT Augier Street
CLÓ DRAÍOCHTA 3: TAISPEÁNTAS CLÓGHRAFAÍOCHTA

Dé Luain 14 Deireadh Fómhair | 8.30pm | Goethe-Institut Irland
NÍ FÉIDIR LABHAIRT INA THAOBH: TIONSCADAL WITTGENSTEIN

Dé Máirt 15 Deireadh Fómhair | 6.00pm | Helen Roe Theatre
SOMHAIRLE MACGILL-EAIN: OIRFÉAS NA hALBAN

Dé Máirt 15 Deireadh Fómhair | 7.45pm | The Grand Social
NUAIR A BHÍ MÉ ÓG: CEILIÚRADH AR 'MÁIRE' (SÉAMUS Ó GRIANNA)
(9.30pm GRAND FOLK CLUB)

Dé Céadaoin 16 Deireadh Fómhair | 6.00pm | Cois Teallaigh
SPLANCANNA Ó SHAOL EILE: CAINT LE hALEX HUMANS

Dé Céadaoin 16 Deireadh Fómhair | 8.30pm | The Grand Social
IS Í AN ÓICHE MO BHEANSA: TIONSCADAL JACK KEROUAC

Déardaoin 17 Deireadh Fómhair | 6.00pm | Cois Teallaigh
NA LAOCHRA AR LÁR: CEILIÚRADH AR THRIÚR LAOCHRA LITEARHA,
SEAMUS HEANEY, MAIDHC DAINÍN Ó SÉ AGUS DIARMUID Ó GRÁINNE

Déardaoin 17 Deireadh Fómhair | 8.30pm | The Grand Social
DHÚISIÓS AR MAIDIN: TIONSCADAL NA nGORMACHA

Dé hAoine 18 Deireadh Fómhair | 6.00pm | Gaelchultúr
IDIR DHÁ THEANGA, IDIR DHÁ SHAOL: LÉACHT IMRAM LE MÁIRÍN NIC EOIN

Dé hAoine 18 Deireadh Fómhair | 8.30pm | Helen Roe Theatre
AN FILE AGUS AN FUASCAILTEOIR

Dé Sathairn 19 Deireadh Fómhair | Áras na Scríbhneoirí
CEARDLANN NÁISIÚNTA DO GHEARRSCÉALAITHE GAEILGE: CLÓ IAR-CHONNACHT

Dé Sathairn 19 Deireadh Fómhair | 8.00pm | McGrattan's
ÓICHE ÓMÓIS DO ALAN TITLEY

BUÍOCHAS Ó CHROÍ LE/HEARTFELT THANKS TO:

Mary Shine Thompson; Cathal Póirtéir; Gabriel Rosenstock; Éamon Ó Donnell & Darren Ó Rodaigh, Gaelchultúr; Ray Yeates, Liam Browne & Sinéad Connolly, Dublin Writers Festival; Maureen Kennelly & foireann, Mountains to the Sea DLR Book Festival; Denise Woods, West Cork Literary Festival; Barbara Ebert, Goethe-Institut Irland; Niamh McCabe, Royal Society of Antiquaries of Ireland; Hugh Murray & Aoife Barror, Pavilion Theatre; Clare Bell & Brenda Dermody, Dublin Institute of Technology; Deirdre Davitt & Aedín Ní Bhroin, Foras na Gaeilge; Sarah Bannan, An Chomhairle Ealaíon; Emer O'Hagan, Scoil Samhraidh Shéamuis Uí Neill; Mary Cronin, Webteam Ireland; Julianne Ní Chonchobhair; Jack Harte & foireann, Áras na Scríbhneoirí; Joe Woods; Jane O'Hanlon, Éigse Éireann/Poetry Ireland; Theo Dorgan; Conor Murray & The Dirty Jazz Band; Carol De Buitléir, RTÉ Supporting the Arts; Micheál Ó Conghaile & Bridget Bhreathnach, Cló Iar-Chonnacht; Pat Boran, Dedalus Press; Jean Fallon, Gallery Press; Antony Farrell, Lilliput Press; Tristan Rosenstock, Red Shoe Productions; David Keegan, entertainment.ie; Margaret Lonergan; Mark Granier; Jim Berkeley; Niamh Lawlor & Eithne Carson

RÉAMHRA/INTRODUCTION

Baineadh stangadh asainn go léir nuair a chuaigh triúr ar leith ar shlí na fírinne, **Seamus Heaney, Maidhc Dainín Ó Sé** agus **Diarmuid Ó Gráinne**. Bhí Seamus agus Maidhc Dainín le bheith ag IMRAM i mbliana ach is ag féile na bhflaitheas atá siad anois. Is beo dá mbriathra i gcónaí agus i mbliana beidh léamh speisialta againn chun a n-oidhreacht liteartha a cheiliúradh.

Tháinig borradh nach beag ar IMRAM i gcaitheamh 2013. Léiríodh **Non, je ne regrette rien: Tionscadal Piaf-Brel** timpeall na tíre, Seachtain na Scríbhneoirí, Lios Tuathail agus Áras Éanna, Inis Óir, san áireamh. Agus an fómhar seo, i gcomhar le NASC, tabharfaidh **Túr na nAmhrán: Tionscadal Leonard Cohen** cuairt ar ocht n-ionad ar fad. Cheana féin bhí imeachtaí IMRAM ag an bhféile Mountains to Sea i nDún Laoghaire, Féile Scríbhneoirí Átha Cliath agus Féile Litríochta Iarthar Chorcaí. Tá clár spleodrach eicléicteach againn arís i mbliana agus ba mhaith linn bhur n-aird a dhíriú ar chuid acu anseo, **Ré-Dhamhsa: Tionscadal Van Morrison** agus an seó trí-theangach **Ní Féidir Labhairt ina Thaoibh: Tionscadal Wittgenstein**, an fealsamh a tháinig go hÉirinn. Léireoidim ómós do Bholcán na mBriathra, **Alan Titley**; cuimhneofar siar ar **Shéamus Ó Grianna** agus an oidhreacht liteartha aige agus tabharfaidh an **Mary Ryan Blues Band** sinn ar imram corraitheach ar fharraigí gorma – **Tionscadal na nGormacha**, amhráin agus filíocht a d'eascair as fulaingt an phobail ghoirm. Sea, a iomramhaithe, an méid sin go léir agus tuilleadh ag IMRAM 2013 – ceardlanna, léachtaí, cainteanna agus dánta ar chláir fógraíochta i lár na cathrach. AR BORD LIBH!

It was with a great sense of shock that IMRAM's director and board learnt of the recent deaths of three of Ireland's finest writers – **Seamus Heaney, Maidhc Dainín Ó Sé** and **Diarmuid Ó Gráinne**. Both Seamus and Maidhc were to have been guests at this year's IMRAM, and they are, frankly, irreplaceable. But their magical words endure, and as part of the festival, we will have a special reading celebrating their lives and their work.

2013 has been a year of no little growth for IMRAM. **Non, je ne regrette rien: The Piaf-Brel Project** has been performed around the country, including at Listowel Writers Week and Áras Éanna on Inis Óir. And this autumn, in association with NASC, **The Tower of Song: The Leonard Cohen Project** will tour eight venues. IMRAM has also staged events at Mountains to Sea, the Dublin Writers Festival and the West Cork Literary Festival.

This year's festival continues our vision of eclectic and dynamic programming. Highlights include **Moondance: The Van Morrison Project** and the tri-lingual **Whereof you cannot speak: The Wittgenstein Project**. We will be paying homage to the wonderful force of nature that is **Alan Titley**; commemorating the life and work of **Séamus Ó Grianna**; and exploring the blues in Irish with the **Mary Ryan Blues Band**. IMRAM 2013 has all this and more – workshops, lectures and talks, and city-centre billboard poems.

Once again, we invite you to climb on board as we embark on a literary, musical and artistic voyage like none other...

LIAM CARSON

DÉARDAOIN 10 DEIREADH FÓMHAIR

Thursday 10 October | 8.00pm

PAVILION THEATRE, Dún Laoghaire

Cead isteach/admission €20/18

Booking (01) 231 2929

Online advance booking at www.paviliontheatre.ie

or www.entertainment.ie/imram

TÚR NA nAMHRÁN

TIONSCADAL COHEN

THE TOWER OF SONG: THE COHEN PROJECT

Iniúchann Leonard Cohen gach aon ghné de nádúr an duine.

Tagann tréithe agus tionchair éagsúla le chéile sna hamhráin aige – an misteachas Giúdach, an tráchttaireacht shearbh ar chúrsaí polaitíochta, an t-earótachas séimh – faightear sin agus tuilleadh in amhráin ar nós ‘Suzanne’, ‘Hallelujah’ agus ‘First we take Manhattan’, cuir i gcás.


Tá Gaeilge mhaisiúil mhíonúilteach curtha ar liricí Cohen ag na filí **Liam Ó Muirthile** agus **Gabriel Rosenstock**. Is iad na hoifridigh a chuirfidh an saothar breá seo inár láthair **Liam Ó Maonlaí**, **David Blake** agus **Hilary Bow** agus ina dteannta beidh an **Brad Pitt Light Orchestra**. Tá íomhánna scáileáin meallacacha cruthaithe ag **Margaret Lonergan** don seó.

Leonard Cohen explores the human condition in all its facets. Jewish mysticism, wry political commentary, tender eroticism – all meet in the potent lyricism of his songs, from ‘Suzanne’ to ‘Hallelujah’ to ‘First we take Manhattan’. **Túr na nAmhrán** features exquisite Irish language versions of Cohen’s songs, translated by poets **Liam Ó Muirthile** and **Gabriel Rosenstock**. They will be performed by **Liam Ó Maonlaí**, **David Blake**, and **Hilary Bow**, with support from the **Brad Pitt Light Orchestra**. **Margaret Lonergan** has created stunning screen projections of the lyrics.

TÚR NA nAMHRÁN

TIONSCADAL COHEN

AR CAMCHUAIRT



THE TOWER OF SONG: THE COHEN PROJECT ON TOUR

A NASC tour in association with IMRAM Irish Language Literature Festival. Funded by the Arts Council.

10 OCTOBER–29 NOVEMBER

Thursday 10 October

Pavilion Theatre, Dún Laoghaire

€20/16 | Box office 01 231 2929 | www.paviliontheatre.ie

Thursday 24 October

Dunamais Arts Centre, Portlaoise

€20/16 | Box office 057 866 3355 | www.dunamais.ie

Friday 1 November

An Grianán, Letterkenny

€20/16 | Box office 074 91 20777 | www.angrianan.com

Friday 15 November

Backstage Theatre, Longford

€18/16 | Box office 043 33 47888 | www.backstage.ie

Saturday 16 November

Town Hall Theatre, Galway City

€20/16 | Box office 091 569777 | www.tht.ie

Friday 22 November

Lime Tree Theatre, Limerick City

€20/16 | Box office 061 774774 | www.limetreetheatre.ie

Saturday 23 November

Glór Theatre, Ennis, Co Clare

€20/16 | Box Office 065 684 3103 | www.glor.ie

Friday 29 November

Siamsa Tíre, Tralee, Co Kerry

€20/16 | Box office 066 7123055 | www.siamsatire.com



DÉ hAOINE 11 DEIREADH FÓMHAIR

Friday 11 October | 8.00pm

PAVILION THEATRE, Dún Laoghaire

Cead isteach/admission €20/16

Booking (01) 231 2929

Online advance booking at www.paviliontheatre.ie

or www.entertainment.ie/imram

RÉ-DHAMHSA

TIONSCADAL VAN MORRISON

MOONDANCE: THE VAN MORRISON PROJECT

LIAM Ó MAONLAÍ

DAVID BLAKE

HILARY BOW

THE BRAD PITT LIGHT ORCHESTRA

CATHAL PÓIRTÉIR & GABRIEL ROSENSTOCK

A CHUR GAEILGE BHINN AR NA LIRICÍ

PAVILION THEATRE

DÚN LAOGHAIRE

IMRAM
PÁIRÍ LITIRIOCHTA BAEILE
A VOYAGE OF DISCOVERY



Pavilion Theatre

RÉ-DHAMHSA:

TIONSCADAL VAN MORRISON

MOONDANCE: THE VAN MORRISON PROJECT

Aithnítear ceol Van Morrison ar an gcomáint mhothúchánach atá laistiar de, rithim agus gormacha, abair, san amhrán preabach *Gloria*, an rac tíre binn aerach laistiar de *Tupelo Honey* agus an ceol gaspal eacstaiseach in *Full Force Gale*. Is fada an lá ó chéadchruthaigh Van fíis cheolmhar dúinn a bhí chomh mór ar maos i bhfilíocht Donne, Yeats, Rimbaud agus Kerouac is a bhí sna gormacha, sa snagcheol agus san anamcheol. Mar bhonn leis an bhfís sin aige tá an 'gheit' sin, an t-iontas a spreag Blake is Ginsberg. Is é atá sa tionscadal seo **Moondance** ná leaganacha gleoite Gaeilge d'amhráin Van Morrison ó Chathal Póirtéir agus Gabriel Rosenstock, beirt de sheanhondúirí IMRAM. Is iad na hoifridigh a chuirfidh inár láthair iad ná **Liam Ó Maonlaí, David Blake** agus **Hilary Bow** le tacaíocht ón m**Brad Pitt Light Orchestra**. Tá íomhánna éachtacha cruthaithe ag **Margaret Lonergan** chun na liricí a theilgean ar scaileán dúinn.

From the pulsing rhythm and blues of 'Gloria' to the sweet, breezy folk rock of 'Tupelo Honey' to the ecstatic gospel of 'Full Force Gale', Van Morrison's music is marked by its emotional drive. Over five decades, he has created a musical vision as much steeped in the poetry of John Donne, Yeats, Rimbaud and Kerouac as it is in blues, jazz and soul. At the heart of it all is a unique Blakean sense of wonder.

Moondance features exquisite Irish language versions of Morrison's songs, translated by poets **Cathal Póirtéir** and **Gabriel Rosenstock**. They will be performed by **Liam Ó Maonlaí, David Blake**, and **Hilary Bow**, with support from the **Brad Pitt Light Orchestra**. **Margaret Lonergan** has created stunning screen projections of the lyrics.



DÉ SATHAIRN 12 DEIREADH FÓMHAIR

Saturday 12 October | 8.00pm

TONER'S PUB (Upstairs),
139 Lower Baggot Street

Saorhead isteach/free admission

LEABHAR MÓR NA nAMHRÁN

CEILIÚRADH IS MÓR-OÍCHE AMHRÁNAÍOCHTA
EILÍS NÍ SHÚILLEABHÁIN, PEADAR Ó CEANNABHÁIN,
ANTAINE Ó FARACHÁIN AGUS MÁIRE NÍ CHOILM

Ta draíocht ag baint le *Leabhar Mór na nAmhrán*. Leabhar é seo don scoláire, don amhránaí agus do dhuine ar bith ar suim leis teacht ar thuiscint níos leithne ar amhránaíocht thraidisiúnta na Gaeilge. Ceithre chéad amhrán traidisiúnta Gaeilge, ar an sean-nós, atá ann. Ó cheann ceann na tíre iad agus tá nótaí cuimsitheacha cúlra ag dul le gach uile cheann díobh maidir le cé dar díobh iad, cé a chum, an chaoi ar scaipeadh iad agus an dream a chasann iad sa lá atá inniu ann.

Tá ríméad ar IMRAM foilseachán an leabhair seo a cheiliúradh le mór-oíche amhránaíochta. Chun roinnt amhrán ón leabhar a chasadh, beidh **Eilís Ní Shúilleabháin, Peadar Ó Ceannabháin, Antaine Ó Faracháin** and **Máire Ní Choilm** inár dteannta anocht. Is amhráin iad seo a thug sólás agus uchtach agus pléisiúr dár muintir romhainn.

Leabhar Mór na nAmhrán is a jewel of a book – with over 400 traditional Irish sean-nós songs gathered from all over the country. Each song is accompanied by notes on the origins of the songs, the composers, the myriad ways that the songs radiated into the tradition and notes on the people who sing the songs today.

Leabhar Mór na nAmhrán contains both well-known songs and less well-known songs. There are big songs and small songs, long and short songs, fast and short songs and new and old songs.

Tonight IMRAM is delighted to celebrate the publication of this major work with a special night of song in the company of singers **Eilís Ní Shúilleabháin, Peadar Ó Ceannabháin, Antaine Ó Faracháin** and **Máire Ní Choilm**.

'These are the songs that, at times, kept the people alive. Songs that gave comfort, solace, courage, pleasure and hope when times were hard. They were songs to raise the spirit and the people held them to their hearts. These songs are as compelling today as they were in times gone by.'

– Micheál Ó Conghaile



DÉ LUAIN 14 DEIREADH FÓMHAIR

Monday 14 October | 6.00pm

DUBLIN INSTITUTE OF TECHNOLOGY,
Aungier Street

Saorhead isteach/free admission

CLÓ DRAÍOCHTA 3 TAISPEÁNTAS CLÓGHRAFAÍOCHTA

EXHIBITION LAUNCH AND READING WITH GABRIEL ROSENSTOCK,
LIAM Ó MUIRTHILE, NUALA NÍ CHONCHUIR, CEAITÍ NÍ BHEILDIÚIN,
PHILIP CUMMINGS AND AILBHE NÍ GHEARBHUIGH

I gcomhar le IMRAM, tá léachtóirí Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, **Clare Bell** agus **Brenda Dermody**, tar éis taispeántas speisialta a chur le chéile de théacsanna nualitrichta agus na dánta sin claochlaithe go healaíonta ag na mic léinn. Bainfear úsáid as cló-aghaidheanna traidisiúnta chomh maith le hathshaothrú ar chlónna Gaelacha. Is iad na filí a bhfuil saothar leo sa taispeántas ná **Gabriel Rosenstock, Liam Ó Muirthile, Nuala Ní Chonchuir, Ceaití Ní Bheildiúin, Philip Cummings** agus **Ailbhe Ní Ghearbhuigh**. Tá 30 suíomh póstaer i lár na cathrach faighte ag IMRAM chun obair na mac léinn tréitheach a chur os comhair an tsaoil mhóir.

In collaboration with IMRAM, Dublin Institute of Technology lecturers **Clare Bell** and **Brenda Dermody** have curated a third special exhibition of Irish language literature texts imaginatively rendered by DIT design students. Poetry selected for the exhibition includes work by **Gabriel Rosenstock, Liam Ó Muirthile, Nuala Ní Chonchuir, Ceaití Ní Bheildiúin, Philip Cummings** and **Ailbhe Ní Ghearbhuigh**. IMRAM has booked 30 city centre poster sites to display the best of the students' work, ensuring that Irish language literature will have a presence in Dublin city centre during the festival.



DÉ LUAIN 14 DEIREADH FÓMHAIR

Monday 14 October | 8.30pm

GOETHE-INSTITUT IRLAND,
37 Merrion Square

Cead isteach/admission €10

Online advance booking www.entertainment.ie/imram

A TRI-LINGUAL EVENT

NÍ FÉIDIR LABHAIRT INA THAOBH

TIONSCADAL WITTGENSTEIN

WHEREOF YOU CANNOT SPEAK: THE WITTGENSTEIN PROJECT

IMRAM in association with Poetry Ireland and the Goethe-Institut Ireland



Aithnítear Ludwig Wittgenstein ar an bhfealsamh ba mhó a mhair san fhichiú haois. Tháinig sé chugainn i dtosach sa bhliain 1934 ar chuireadh ó Maurice O'Connor ('Con') Drury agus chuir faoi i dteachín i gConamara, áit ar chuir tafann an ghadhair leath as a mheabhair é. Deir George Steiner gur ag déanamh aithrise ar lucht imramma a bhí sé agus fis á lorg aige san iargúil.

Sa Tionscadal Wittgenstein, léifidh **Alan Tittley** as an scéal *Wittgenstein i gConamara* agus léifidh **Gerry Murphy** roinnt dánta i mBéarla a bhaineann le Wittgenstein.

Widely regarded as the 20th century's greatest philosopher **Ludwig Wittgenstein** spent much time in Ireland. According to George Steiner 'Wittgenstein strove to recapture the condition of the hermits and visionaries who are recurrent in Irish legend and history. To be thought somewhat mad in western Ireland was to be made welcome.'

In The Wittgenstein Project, **Alan Tittley** will read from his story 'Wittgenstein i gConamara'; whilst **Gerry Murphy** will read a selection of poems in English about Wittgenstein, including work by **Deirdre Brennan, Richard Murphy, Derek Mahon, Joe Woods, Gerry Murphy** and **Gerard Fanning**. These will interplay with quotes from Wittgenstein in the original German, read by **Heinz Lechleiter**. Featuring screen projections by **Margaret Loneragan** and new music composed by **Seán Mac Erlaine**, this is a magical celebration of the most poetic and beguiling philosopher of modern times.

DÉ MÁIRT 15 DEIREADH FÓMHAIR

Tuesday 15 October | 6.00pm

HELEN ROE THEATRE,
Royal Society of Antiquaries of Ireland

Basement, 63 Merrion Square

Saorhead isteach/free admission

SOMHAIRLE MACGILL-EAIN

OIRFÉAS NA hALBAN

LÉAMH TRÍTHEANGACH, SEOLADH LEABHAIR AGUS SCANNÁN



SORLEY MACLEAN: SCOTLAND'S ORPHEUS

A TRILINGUAL READING, BOOK LAUNCH AND FILM SCREENING

In *Ó Choill go Barr Ghéaráin* (Coiscéim), tá Gaeilge bhinn bhlasta curtha ag an bhfile clúiteach **Paddy Bushe** ar dhánta an mháistir mhóir. Chun an mhórcáid foilsitheoireachta seo a cheiliúradh, tá áthas an domhain Ghaelaigh ar IMRAM léamh speisialta trítheangach a stáisiú ina mbeidh 'Hallaig', an *tour de force* úd ag Somhairle á léamh ag an bhfile mór le rá **Aonghus MacNeacail** sa bhunteanga agus an Ghaeilge á léamh ag **Paddy Bushe**. Léifidh **Eiléan Ní Chuilleanáin**, file nótaílte agus Ollamh Emerita, an leagan Béarla a dhein **Seamus Heaney** agus ise a sheolfaidh an leabhar chomh maith. Taispeánfar an gearrscannán *Ar Lorg Shomhairle* arna léiriú ag **Éanna de Buis**, saothar a lorgaíonn foinsí inspioráide an fhile i measc na n-oileán ba thobar áilleachta dó.

'Whether you were listening to him or reading him on the page, you were led into an uncanny zone, somewhere between the land of heart's desire and a waste land created by history' – so wrote **Seamus Heaney** of **Sorley MacLean**, whom he regarded as Scotland's Orpheus. In *Ó Choill go Barr Ghéaráin*, acclaimed poet **Paddy Bushe** has translated MacLean's work into exquisite Irish. To celebrate this major event in Irish publishing, IMRAM is proud to stage a unique trilingual reading of MacLean's *tour de force* visionary poem 'Hallaig'. **Aonghus MacNeacail** will read the original Scottish Gaelic; Paddy Bushe, his Irish version; whilst **Eiléan Ní Chuilleanáin** will read Seamus Heaney's English version as well as officially launching *Ó Choill go Barr Ghéaráin*. The evening will also feature a screening of *Ar Lorg Shomhairle*, produced by **Éanna de Buis**, a short film that seeks the roots of MacLean's muse amidst the beauty of the remote islands that resonates in so much of his work.

DÉ MÁIRT 15 DEIREADH FÓMHAIR

Tuesday 15 October | 7.45–9.30pm

THE GRAND SOCIAL,

35 Lower Liffey Street

Cead isteach/admission €10

Online advance booking www.entertainment.ie/imram



NUAIR A BHÍ MÉ ÓG

CEILIÚRADH AR ‘MÁIRE’
(SÉAMUS Ó GRIANNA)

Thar caoga bliain bhíodh rachairt mhór ar leabhair ‘Mháire’ (Séamus Ó Grianna, 1889–1969), an scríbhneoir próis as Gaeltacht Thír Chonaill. Scríobh sé gearrscéalta, úrscéala agus saothar dírbheathaisnéise. Chum sé amhráin a ceoltar go fóill. Áiríodh é ar an scríbhneoir Conallach is tábhachtaí lena linn. Beidh a chuid focal á gcur os comhair an tsaoil mhóir arís ag bunadh Rinn na Feirste ag an ócáid seo a léiríodh an saibhreas teanga a bhain cáil amach dó i réimse na leabhar.

Séamus Ó Grianna was one of the country's best-known writers for over fifty years. His output included novels, short stories, essays, autobiography, and song. Tonight IMRAM presents a special celebration of his life and work. **Niall Mac Eachmharchaigh** (John Joe from *Ros na Rún*) will read extracts from his writing. Corn Uí Riada winners **Gearóidín (Neidí Frainc) Breathnach** and **Tony Mac Ruairí** will sing his songs. **Nollaig Mac Congáil** will talk about Ó Grianna's life and work. This event is curated by poet and broadcaster **Cathal Póirtéir**.

THE GRAND FOLK CLUB

9.30pm | The Grand Social | Saorhead isteach/free admission

The Grand Folk Club is a weekly club featuring folk and traditional music, Americana, spoken word and much more. It's free in and in the spirit of the folk clubs of yore, audience members are welcome to get up and do a song at the start. Tonight the club joins forces with IMRAM to present **Lynched**, whose raucous urban folk celebrates Dublin's singing traditions. Also performing will be traditional singer **Caoimhe Hogarty**, accompanied by **Pauline Burke** on mandolin and bodhrán.



DÉ CEADAIOIN 16 DEIREADH FÓMHAIR

Wednesday 16 October | 6.00pm

COIS TEALLAIGH, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge,

46 Sráid Chill Dara/46 Kildare Street

Cead isteach/admission €5

Online advance booking www.entertainment.ie/imram

SPLANCANNA Ó SHAOL EILE CAINT LE hALEX HIJMANS


Is í an Bhrasáil an cúigiú tír is mó ar domhan ó thaobh méide agus ó thaobh daonra de. Is ann a análaíonn 190 milliún duine, tír a bhainfeadh stangadh asat dá smaoineofá ar an éagsúlacht inti maidir le teangacha agus ciníocha, tionchar Portaingéalach agus Afracach, gan amhras, agus an bunadh Meir-Indiach. Tá thart ar 180 teanga Mheir-Indiach á labhairt sa Bhrasáil. Sa leabhar is déanaí uaidh, tugann **Alex Hijmans** cuireadh dúinn dul ar imram leis go dtí an Bhrasáil sin nach bhfaightear sna cártaí poist: *Splancanna ó Shaol Eile* is teideal dó.

Tabharfaidh Alex caint dúinn tráthnóna inniu ina nochtfar an phlódchathair São Paulo, chomh maith le Rio de Janeiro agus Salvador, bailte beaga na bhforaoisí báistí agus bruacha na hAmasóine. Buailfidh le pobal na Brasaíle feadh na slí – oidí scoile, leigheasóirí traidisiúnta, saighdiúirí, feirmeoirí, gníomhaigh pholaitiúla, lucht na dtreibheanna agus a thuilleadh nach iad. Éist le cuisle bheo na tíre ilghnéithí sin i dteannta Alex Hijmans.

Brazil is the world's fifth largest country, both by area and population. It is home to 190 million people, a country of stunning racial and linguistic diversity, with Portuguese, African and native influences. There are some 180 Amerindian languages spoken in its remoter regions. In his new book *Splancanna ó Shaol Eile*, **Alex Hijmans** invites us to join him on a voyage to the real Brazil beyond the picture postcard clichés.

In tonight's special illustrated talk, Alex takes us from the crowded cities of São Paulo, Rio de Janeiro and Salvador to rainforest villages and the banks of the Amazon. Along the way, we meet the people of Brazil – schoolteachers, traditional healers, soldiers, farmers, political activists, native tribesmen – revealing the pulsing heart of a country that contains many different worlds.





Is í an oíche mo bheansa

Tionscadal Jack Kerouac

Kerouac

La nuit est ma femme

The Jack Kerouac Project

DÉ CÉADAOIN 16 DEIREADH FÓMHAIR

Wednesday 16 October | 8.30pm

THE GRAND SOCIAL,
35 Lower Liffey Street

Cead isteach €10

Online advance booking www.entertainment.ie/imram

IS Í AN ÓICHE MO BHEANSA TIONSCADAL JACK KEROUAC

LA NUIT EST MA FEMME: THE JACK KEROUAC PROJECT

Ní Jack a tugadh air ach Jean-Louis. Ní hé an Béarla an teanga dhúchais a bhí aige ach an Fhraincis. Chum se dhá shaothar sa teanga sin, *Sur le chemin*, agus *La nuit est ma femme* ina n-ainmníonn sé an Fhraincis mar theanga a chuid eascainí agus brionglóidí go minic agus an teanga ina gcaoineann sé i gcónaí. Níor bhraith sé riamh ina Mheiriceánach amach is amach agus grá an strainséara a bhí aige don tír sin.

In *La nuit est ma femme*, gabhann na filí **Gearóid Mac Lochlainn** agus **Gabriel Rosenstock** go domhain isteach i saothar Kerouac. Lean Kerouac

inár dteannta mar sin óna óige dhátheangach i leith; fan tamall linn ar bhruacha an Merrimac agus bígí linn ar imram Kerouac ó Nua-Eabhrac go San Francisco; bain sult as comhlúadar buile Ginsberg, Burroughs, Snyder, Ferlinghetti, bleaist den snagcheol is den Zen tríd, na téacsanna á léamh fad is atá **The Dirty Jazz Band** i mbun tob-sheanma agus íomhánna draíochtúla á dteilgean ag **Margaret Lonergan** ar scáiléan. Féasta don chroí, don tsúil is don chluas.

In *La nuit est ma femme*, poets **Gabriel Rosenstock** and **Gearóid Mac Lochlainn** translate, explore and respond to Jack Kerouac's work. Evoking a bilingual childhood, we follow Kerouac and Doctor Sax on the haunted banks of the Merrimac River. We join Kerouac on his travels across America, from New York to San Francisco, encountering the spirits of Ginsberg, Burroughs, Snyder, and Ferlinghetti. The texts will be read to improvised jazz accompaniment by **The Dirty Jazz Band** and on-screen projections created by visual poet *extraordinaire* **Margaret Lonergan**.

In association with Arlen House, IMRAM has published ***síoc maidine/ morning frost***, a generous selection of Kerouac's haiku, translated by Gabriel Rosenstock. The book will be for sale on the night.

DÉARDAOIN 17 DEIREADH FÓMHAIR

Thursday 17 October | 6.00pm

COIS TEALLAIGH, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge,

46 Sráid Chill Dara/46 Kildare Street

Saorchead isteach/free admission

NA LAOCHRA AR LÁR

CEILIÚRADH AR THRIÚR LAOCHRA LITEARTHA,
SEAMUS HEANEY, MAIDHC DAINÍN Ó SÉ
AGUS DIARMUID Ó GRÁINNE

THE FALLEN HEROES

A CELEBRATION OF THE WORK OF SEAMUS HEANEY,
MAIDHC DAINÍN Ó SÉ AND DIARMUID Ó GRÁINNE

Bhuail uaigneas sinn nuair a leagadh **Seamus Heaney**, **Maidhc Dainín Ó Sé** agus **Diarmuid Ó Gráinne** ach bhraitheamar mórtas chomh maith, mórtas go raibh a leithéidí seal inár measc. Duine de mhórfhíil an 20ú haois i dteanga ar bith ab ea Seamus Heaney agus tharraing sé ar thobreacha dúchais chomh maith le toibreacha Shasana agus na hEorpa. Smaoinimid ar an leagan de Bhuile Shuibhne a chuir sé



ar fáil sa bhliain 1983, cuir i gcás. Ceoltóir agus scríbhneoir ildánach ab ea Maidhc Dainín Ó Sé agus dúirt sé féin gur chaith *A Thig Na Tit Orm* bean áirithe as an leaba a bhí rofhada inti, sé sin Peig Sayers. File, criticeoir agus úrscéalaí ab ea Diarmuid Ó Gráinne agus deir Dara Ó Scolaí gurb é *Muintir na Coille* an t-úrscéal is fearr atá lonnaithe i gConamara ó foilsíodh *Cré na Cille*.

Cúis mhórtais dúinn anocht sárshaothar na scríbhneoirí sin a cheiliúradh. Léifidh **Gabriel Rosenstock** dánta as Conlán le Seamus Heaney, léifidh **Domhnall Mac Síthigh** sleachta as saothar Mhaidhc Dainín Uí Sé agus léifidh **Séamus Ó Scannláin** sleachta as saothar Uí Ghráinne.

It was with great sadness that lovers of Irish literature heard the news of the deaths of Seamus Heaney, Mádhc Dainín Ó Sé and Diarmuid Ó Gráinne. One of the greatest poets of the 20th century, **Seamus Heaney** wrote in English – but drew on Gaelic sources, and had a deep love of the Irish language, saying that to ignore it ‘is to cut oneself off from ways of being at home’. Musician and writer **Mádhc Dainín Ó Sé** was the author of the hugely popular memoir *A Thig Na Tit Orm*, a witty and charming account of his Kerry childhood and emigrant life in London and Chicago. **Diarmuid Ó Gráinne** was a poet, critic and novelist of the highest order, and Darach Ó Scolaí considered *Muintir na Coille* ‘the finest novel set in Conamara since Ó Cadhain’.

Tonight IMRAM is proud to celebrate the remarkable achievements of these three great Irish writers. **Gabriel Rosenstock** will read his Irish versions of Seamus Heaney’s poetry; **Domhnall Mac Síthigh** will read extracts from Mádhc Dainín Ó Sé; and **Séamus Ó Scannláin** will read work by Diarmuid Ó Gráinne.



DÉARDAOIN 17 DEIREADH FÓMHAIR

Thursday 17 October | 8.30pm

THE GRAND SOCIAL, 35 Lower Liffey Street

Cead isteach/admission €10.

Online advance booking www.entertainment.ie/imram

DHÚISÍOS AR MAIDIN

TIONSCADAL NA nGORMACHA

WOKE UP THIS MORNING: THE IMRAM BLUES PROJECT



Féachfar anocht ar na gormacha sa cheol agus san fhilíocht. Gheobhaimid amhráin chlasaiceacha sa seánra seo ó **Bessie Smith, John Lee Hooker, Blind Willie McTell** and **Bille Holiday**; is dánta de chuid **Langston Hughes, Amiri Baraka** (LeRoi Jones) agus a

thuilleadh nach iad. **Gearóid Mac Lochlainn, Liam Ó Muirthile** is **Gabriel Rosenstock** na haistritheoirí agus na hoifridigh a chuirfidh inár láthair na seoda seo i dteannta an **Mary Ryan Blues Band**, le **Mark Braidner** (giotár is guth); **Simon Templeton** (pianó); **Tim Creedon** (cnaguirilís). Teilgfidh **Margaret Lonergan** físeanna gormacha ar an scáileán.



‘The blues takes many forms... It is variously a feeling, a mood, a nameless threat, a person, a lover, a boss man, a mob, and, of course, the Devil himself... it can be used as both hex and counter hex, poison and antidote, pain and relief. Most importantly, the blues is both the cause of song, and song itself.’

So wrote Edward Comentale in *Sweet Air: American Popular Song*.

Tonight IMRAM explores both blues poetry and song. Here are classic blues songs by **Bessie Smith, John Lee Hooker, Blind Willie McTell** and **Bille Holiday**; and poems by **Langston Hughes, Amiri Baraka** (LeRoi Jones) and others. Translated by poets **Gearóid Mac Lochlainn, Liam Ó Muirthile** and **Gabriel Rosenstock**, they will be performed by the poets themselves and by the **Mary Ryan Blues Band**, featuring **Mark Braidner** on guitar and vocals; **Simon Templeton** on piano; and **Tim Creedon** on percussion. This performance will feature screen projections by **Margaret Lonergan**.



DÉ hAOINE 18 DEIREADH FÓMHAIR

Friday 18 October | 6.00pm

GAELCHULTÚR,

11 Sráid an Chláraigh/11 Clare Street

Saorchead isteach/free admission

IDIR DHÁ THEANGA, IDIR DHÁ SHAOL

LITRÍOCHT MHIONLAIGH AGUS/NÓ LITRÍOCHT
DHOMHANDA? FRÁMA TAGARTHA NUA DO
SCRÍBHNEOIREACHT CHOMHAIMSEARThA NA GAeilGE

LÉACHT IMRAM LE MAIRÍN NIC EOIN



Féachfaidh an léacht seo ar roinnt gnéithe idirnáisiúnta de litríocht chomhaimseartha na Gaeilge agus áiteofar go bhfuil athrú ó bhonn de dhíth ar an gcomhthéacs critice agus teagaisc má táthar le mianach polaitiúil agus cultúrtha na litríochta sin a chur ar a súile do phobal na Gaeilge. Is féidir linn saothar ár gcuid scríbhneoirí

a léamh mar litríocht mhionlaigh nó mar litríocht dhomhanda, ach ardaíonn saothar scríbhneoirí Gaeilge atá ag saothrú na litríochta thar lear ceisteanna ar leith faoin ngaoil idir teanga, pobal agus réigiún. Beifear ag maíomh anseo go bhfuil an pointe féachana iltíreach ilchultúrtha ar cheann de na gnéithe is suimiúla de litríocht chomhaimseartha na teanga agus gurb é sainbhua litríocht an mhionlaigh an chaoi a mbíonn sé d'iallach uirthi a bheith de shíor ag iomramh idir dhá theanga, idir dhá thíre agus idir dhá shaol.

Múineann **Máirín Nic Eoin** teanga agus litríocht na Nua-Ghaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Ar na saothair is tábhachtaí dá cuid tá *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge* (2005), agus (le hAisling Ní Dhonnchadha, eag.), *Ar an gCoigríocht: Díolaim Litríochta ar Scéal na hImirce* (2008). Tá sí ag obair faoi láthair ar chnuasach aistí faoi litríocht thrasnáisiúnta na Gaeilge.

A special lecture by leading critic **Máirín Nic Eoin** exploring Irish language literature and the manner in which it constantly shifts between and explores two languages, two lands, two ways of life.

DÉ hAOINE 18 DEIREADH FÓMHAIR

Friday 18 October | 8.30pm

HELEN ROE THEATRE,

Royal Society of Antiquaries of Ireland

Basement, 63 Merrion Square

Cead isteach/admission €10

Online advance booking www.entertainment.ie/imram

AN FILE AGUS AN FUASCAILTEOIR

THE POET AND THE LIBERATOR



File pobail ab ea Tomás Rua Ó Súilleabháin (1785–1848) agus léiríonn a shaothar ainnise na ndaoine agus iad ag streachailt leis an saol. File den scoth ab ea é ach ní bheathaíonn na briathra na bráithre: ar nós a lán dá chomh-Ghaeil, leag an Gorta é.

Is é atá sa tionscadal **An File agus an Fuascailteoir** ná ceolchoirm sainchoimisiúnaithe le **Lorcán Mac Mathúna** (guth), **Daire Bracken** (fidil) agus **Seán Mac Erlaine** (sacsafón, cláirnéid agus ceol leictreonach) a chíorann téacsanna an fhile agus na tagairtí iontu do ghluaiseacht an Reipéil, an Conallach – ‘Is é Donall binn Ó Conaill caoin/ An planda fíor den Ghaelfhuil’; faicseanaíocht, bochtaineacht – ‘I bPoll na nGeatairí is ea fuair mé náire/ Ag múineadh páistí ar réal sa ráithe’; an grá is an ghruaim is an mhin bhuí! Tar ar aistear linn siar go dtí aimsir an tSúilleabhánaigh agus laethanta an Fhuascailteora.

Tomás Rua Ó Súilleabháin was a people's poet, who reflected the suffering of the poorest of the Irish people in 19th century Ireland. But neither his lyrical gift nor his learning was protection against poverty, and he shared the fate of over a million other Irish when he died in the Great Hunger.



The Poet and the Liberator is a specially commissioned concert by three groundbreaking musicians – **Lorcán Mac Mathúna** (vocals), **Daire Bracken** (fiddle), and **Seán Mac Erlaine** (saxophones, clarinets, live electronics) – which contemplates the words and life of Ó Súilleabháin. As a social commentator, Tomás Rua wrote

about the repeal movement, emancipation, his neighbour Daniel O'Connell, faction fights, weddings, and yellow meal. His words bring history alive; this extraordinary concert will bring his world alive.

Saturday 19 October

ÁRAS NA SCRÍBHNEOIRÍ, 19 Cearnóg Parnell
Irish Writers Centre, 19 Parnell Square

CEARDLANN NÁISIÚNTA DO GHEARRSCÉALAITHE GAEILGE: CLÓ IAR-CHONNACHT

Á HEAGRÚ I gCOMHAR LE IMRAM AGUS ÁRAS NA SCRÍBHNEOIRÍ

STIÚRTHÓIRÍ NA CEARDLAINNE:

MICHEÁL Ó CONGHAILE AGUS MICHEÁL Ó RUAIRC

Beidh an cheardlann seo dírithe den chuid is mó ar scríbhneoirí óga/nua nach bhfuil aon leabhar foilsithe fós acu ach a léiríonn cumas scríbhneoireachta sa ghearrscéal. Tabharfar áit ar an gceardlann freisin áfach do dhornán scríbhneoirí aitheanta, rud a rachaidh chun leasa na scríbhneoirí óga agus na scríbhneoirí aitheanta araon. Tugtar cuireadh do ghearrscéalaithe ar mhaith leo a bheith páirteach sa cheardlann gearrscéal dá gcuid a sheoladh chuig Eagarthóir Cúnta CIC, Áine Ní Cholchúin ag an seoladh thíos ROIMH an **4 Deireadh Fómhair 2013**.

Roghnófar na gearrscéalta is feiliúnaí agus déanfar iad a phlé agus a mheas ag an gceardlann. Seolfar saothar gach scríbhneora chuig gach iarrthóir (a bheidh ag freastal ar an gceardlann) roimh ré ionas go mbeidh deis acu iad a léamh. Tríd an modh oibre seo beidh na hiarrthóirí ar fad in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sa cheardlann, agus foghlaim ó laigí agus ó bhuanna shaothar a chéile. Beidh áit d'ocht ar a mhéad ar an gceardlann. Níl aon táille i gceist don cheardlann seo ach beidh iarrthóirí freagrach as a gcuid costas taistil féin agus lóistín sa chás go mbeadh a leithéid i gceist.

Tuilleadh eolais:

Áine Ní Cholchúin nó Micheál Ó Conghaile
Cló Iar-Chonnacht

Guthán: (091) 593307 Facs: (091) 593362 Ríomhphost: aine@cic.ie

Tá an cheardlann seo á heagrú le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon



Saturday 19 October | 8.00pm

MCGRATTAN'S

76 Fitzwilliam Lane, Baggot Street
Saorchead isteach/free admission

OÍCHE ÓMÓIS DO ALAN TITLEY

Tá **Alan Titley** ar dhuine de na cainteoirí agus de na scríbhneoirí is beoga in Éirinn. Is úrscéalaí, gearrscéalaí, iriseoir, drámadóir agus critic é. Is ollamh é ach ní naomh é (go fóill). Is leor dó a bheith ina Chorcaíoch. Is breá leis an díospóireacht, an greann agus an ceol. Is fear léinn é atá ina cheannródaí sa scríbhneoireacht chruthaíoch agus i gcur chun cinn na litríochta Gaeilge ina chuid craoltóireachta agus ina chuid foilseachán go léir. Beidh ceiliúradh ar a shaol agus ar a shaothar, idir cheol agus chaint, le **Liam Ó Muirthile** (aistí critice agus iriseoireacht),

Tadhg Ó Dúshláine (an scríbhneoir cruthaíoch) agus **Cathal Póirtéir** (fear an tí). Beidh lúibín nuachumtha don ócáid ag **Ray Mac Mánaís** agus **Joe Ó Domhnaill**; amhráin ó **Mháire Ní Choilm** agus **Allan MacDonald**; agus dreas cainte ó Alan féin.

Alan Titley is a *tour de force* in Irish letters – a scholar, a columnist with the *Irish Times*, a novelist, short story and fable writer, literary historian and critic, broadcaster and dramatist. Whilst he might be a professor, he is certainly no saint (well, not yet). It's enough that he's a Cork man. His love of a good argument, not to mention sheer fun and a few jars, is legendary. A true pioneer in Irish language literature, his work includes the critically acclaimed *Leabhar Nóra Ní Anluain*, *An Fear Dána*, and the children's novel *Amach*, winner of the 2004 Bisto Prize. Tonight, IMRAM is delighted to pay tribute to Alan's extraordinary achievements in the company of his many friends, writers and singers.



IMRAM

A VOYAGE OF DISCOVERY

Aidhm IMRAM saibhreas na litríochta Gaeilge comhaimseartha a roinnt le cách agus an pobal a thabhairt linn ar aistear mistéireach. Prós. Filíocht. Ceol. An focal labhartha. An focal scríofa. Idir shúgradh is dáiríre. Suímh éagsúla ar fud na hardchathrach. Bímis ag léamh, bímis ag iomramh!

IMRAM aims to bring its audiences on a 'voyage of discovery' that reveals the rich diversity of modern Irish language literature through a programme of eclectic events that blend poetry, prose, film, drama and music in lively, upbeat venues.

Beidh leabhair ar díol ag formhór na n-ócaidí. Ceannaigh leabhar nó dhó!
Books will be on sale at most IMRAM events.

TUILLEADH EOLAIS/FURTHER INFORMATION:

Liam Carson r-phost/e-mail info@imram.ie

Fón/phone (087) 291 2797

Online advance booking www.entertainment.ie/imram

WWW.IMRAM.IE



STIÚRTHÓIR NA FÉILE/DIRECTOR

Liam Carson

BORD IMRAM/FESTIVAL BOARD

Des Geraghty, Róisín Ní Ghairbhí, Ailbhe Ní Ghearbhuigh, Éamon Ó Ciosáin,
Cearbhall Ó Siócháin, Colm Ó Snodaigh, Mary Shine Thompson
(Cathaoirleach 2012–Meán Fómhair 2013), Caoimhín Mac Giolla Leith



RTÉ RADIO 1

